

# Eleathanach303

Dé Luain 22 Deireadh Fómhair 2018

## Toghchán ar siúl Dé hAoine

Beidh toghchán ar siúl Dé hAoine chun an t-uachtarán a roghnú don tír do na chéad 7 mbliana eile. Le 7 mbliana anuas bhí Mícheál D. Ó hUiginn mar uachtarán ar an tír. Tá seisean agus cúigear eile san iomaíocht don ról i mbliana.

Bhí triúr de na hiomaitheoirí ar an gclár teilifíse *Dragons' Den* agus is fir ghnó iad: Peter Casey, Gavin Duffy agus Seán Gallagher. Is iad Joan Freeman agus Liadh Ní Riada na hiomaitheoirí eile.

Sna suirbhéanna tuairimí go dtí seo tá Mícheál D. Ó hUiginn chun tosaigh ach ní bheidh a fhios againn go dtí an Satharn seo chugainn cé a roghnóidh na daoine a chaitheann vótaí.



Áras an Uachtaráin

## Líontán damháin alla



## Líontáin damháin alla ar fud na háite!

Tá Oíche Shamhna ag teacht go luath agus tá líontáin bhréagacha damháin alla ar thithe agus ar fhuinneoga ar fud na tíre.

Ach rinne na damháin alla na líontáin sa phictiúr seo i mbaile sa Ghréig. Bhí an aimsir deas te, agus dá bhrí sin bhí níos mó cuileog agus feithidí in aice le *Lake Vistonida*. Tháinig na damháin alla agus rinne siad na líontáin chun na feithidí a ghabháil. Clúdaíonn na líontáin beagnach ciliméadar ar an iomlán.

Tharla an rud céanna i gceantar eile sa Ghréig an mhí seo caite. Nuair a éireoidh an aimsir fuar, seans go n-imeoidh na feithidí agus na damháin alla léi.

## Comórtas Amhránaíochta *Junior Eurovision*

Anuraidh, bhí an comórtas seo ar siúl i bpríomhchathair na Seoirsia, Tbilisi. Ghlac Muireann Mc Donnell páirt sa chomórtas ar son na hÉireann agus chan sí an t-amhrán 'Súile Glasa'. Bhuaigh Polina Bogusevich ón Rúis an comórtas. Chan sí an t-amhrán 'Wings'.

Beidh an comórtas ar siúl sa Mhionsc sa Bhealarúisis ar an 25 Samhain. Ar TG4 gach Domhnach bíonn clár teilifíse ann chun duine a roghnú le bheith mar ionadaí ar son na hÉireann i mbliana. Tá na hiomaitheoirí go léir idir 9 agus 14 bliana d'aois.

Cuireann Eoghan Mc Dermott an clár i láthair agus is féidir an chéad dá chlár a aimsiú ar sheinnteoir TG4.

